Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

13184/22
PV CONS 57
ECOFIN 960

# DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)

4 Deireadh Fómhair 2022

**ÁBHAR**


**Leathanach**

1. Glacadh an chláir oibre ..... 3

2. Formheas na míreanna 'A'
   a) Liosta neamhreachtach
   b) Liosta reachtach ..... 3

**Plé reachtach**

3. Rialachán maidir le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta ..... 5

4. Aon ghnó eile ..... 6
   Tograí reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais atá á scrúdú faoi láthair

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

5. Iarmhairtí eacnamaíocha agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin ..... 6

6. Praghsanna arda fuinnimh agus margaí airgeadais: Staid na himeartha ..... 6

7. An téarnamh eacnamaíoch san Eoraip ..... 6
   a) Tuarascáil athbhreithnithe ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta
   b) Cinntí cur chun feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

8. Ullmhúchán do chruinniú Airí Airgeadais agus Ghobharnóirí an Bhainc Ceannais de chuid G20 an 12—13 Deireadh Fómhair 2022 agus do chruinnithe bliantúla CAI: Téarmaí Tagartha an Aontais agus ráiteas chuig an gCoiste Idirnáisiúnta Airgeadaíochta agus Airgeadais ..... 6

9. Conclúidí maidir le maoiniú don aeráid i bhfianaise an 27ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe (COP 27) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) in Sharm El-Sheikh an 6—18 Samhain 2022 ..... 6

10. Ról fioscach agus neamhfhioscach chustaim an Aontais ..... 7

11. Aon ghnó eile ..... 7
    An staid mar atá maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta le haghaidh seirbhísí airgeadais

IARSCRÍBHINN — Ráitis le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle ..... 8


***

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 12814/22 é.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**a) Liosta neamhreachtach** — 12816/22

Ghlac an Chomhairle na míreanna 'A' a liostaítear in 12816/22, lena n-áirítear na doiciméid COR agus REV a cuireadh faoina bráid lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna seo san Aguisín.

Le haghaidh na míreanna seo a leanas, léitear na doiciméid mar a leanas:

Gníomhartha Tarmligthe nó Gníomhartha Cur Chun Feidhme

Sláinte

| | | |
|---|---|---|
| 9. | Treoir Tharmligthe (AE) ón gCoimisiún an 29.6.2022 lena leasaítear Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le díolúintí áirithe i leith táirgí tobac téite a tharraingt siar<br>*Gníomh tarmligthe — Rún gan agóid a dhéanamh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 28.9.2022 | 12560/1/22 REV 1<br>+<br>12560/22 + ADD 1<br>10815/22<br>**+ COR 1 (lt)**<br>SAN |

**b) Liosta reachtach (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** — 12817/22

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Rialachán 'an slabhra nóiníní'**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh*<br>a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 28.9.2022 | 12617/22<br>PE-CONS 23/22<br>EF |

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht

**2.** **Rialachán maidir le margadh aonair do sheirbhísí digiteacha (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 28.9.2022

❶C 12624/22 + ADD 1—2 PE-CONS 30/22 COMPET

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Fostaíocht agus Beartas Sóisialta

**3.** **An Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 28.9.2022

❶C 12616/22 + ADD 1 REV 2 PE-CONS 28/22 SOC

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, agus an Danmhairg, agus an tSualainn ag vótáil ina choinne agus an Ungáir ag staonadh ón vótáil, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 153(2), i gcomhar le pointe (b) d'Airteagal 153(1) CFAE).

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Iompar

**4.** **Treoir maidir le nósanna imeachta aonfhoirmeacha i dtaca le seiceálacha ar iompar earraí contúirteacha de bhóthar (códú)**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 28.9.2022

❶C 12630/22 PE-CONS 22/22 CODIF TRANS

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 91 CFAE).

Iascach

**5. Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d’fhormheas Coreper, Cuid 1, an 28.9.2022

❶C 12620/22
PE-CONS 34/22
PECHE

D’fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 43(2) CFAE).

**6. Rialachán lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta atá infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d’fhormheas Coreper, Cuid 1, an 28.9.2022

❶C 12618/1/22 REV 1
+ REV 1 ADD 1
PE-CONS 36/22
PECHE

D’fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. (Bunús dlí: Airteagal 43(2) CFAE).

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

**3. Rialachán maidir le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta**
*Cur chuige ginearálta*

❶C **12662/2/22 REV 2**

Ghlac an Chomhairle cur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán maidir le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**4. Aon ghnó eile** 12320/22
**Tograí reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais atá á scrúdú faoi láthair**
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Chuir an Uachtaránacht na hairí ar an eolas faoi staid na himeartha i dtaca le tograí reatha reachtacha maidir le seirbhísí airgeadais.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

5. Iarmhairtí eacnamaíocha agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin
*Malartú tuairimí*

6. Praghsanna arda fuinnimh agus margaí airgeadais: Staid na himeartha
*Cur i láthair ón gCoimisiún agus malartú tuairimí*

7. An téarnamh eacnamaíoch san Eoraip
   a) Tuarascáil athbhreithnithe ar chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta
   *Cur i láthair ón gCoimisiún agus malartú tuairimí*
   b) Cinntí cur chun feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta — C (*) — 12275/22 + ADD 1
   *Glacadh*

8. Ullmhúchán do chruinniú Airí Airgeadais agus Ghobharnóirí an Bhainc Ceannais de chuid G20 an 12-13 Deireadh Fómhair 2022 agus do chruinnithe bliantúla CAI: Téarmaí Tagartha AE agus ráiteas chuig an gCoiste Idirnáisiúnta Airgeadaíochta agus Airgeadais — 12367/22, 12368/22
*Formheas*

9. Conclúidí maidir le maoiniú don troid i gcoinne an athraithe aeráide i bhfianaise an 27ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe (COP 27) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) in Sharm El-Sheikh an 6-18 Samhain 2022 — 12478/22 + ADD 1
*Formheas*

10. Ról fioscach agus neamhfhioscach chustaim an Aontais 12527/22
*Malartú tuairimí*

11. Aon ghnó eile
An staid mar atá maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta le haghaidh seirbhísí airgeadais
*Faisnéis ón gCoimisiún*

---

❶ An chéad léamh

Ⓒ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

---

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'B' a leagtar amach in 12814/22**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán maidir le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN gCOMHAIRLE**

'Agus an cur chuige ginearálta a mhol an Uachtaránacht maidir le togra REPowerEU á chomhaontú aici inniu, ba mhaith leis an gComhairle a chur in iúl nach ionann an eochair leithdháilte agus na foinsí maoinithe dá bhforáiltear sa togra seo agus fasach don phlé a dhéanfaidh an Chomhairle amach anseo maidir le tograí reachtacha eile sna hábhair sin.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

Oibreoidh an Coimisiún le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle ar bhearta eisceachtúla sealadacha spriocdhírithe faoi chreat an bheartais chomhtháthaithe 2014-2020 i gcomhthéacs idirghabháil éigeandála an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar phraghsanna arda fuinnimh.

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 12817/22**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le margadh aonair do sheirbhísí digiteacha (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

## RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN

'Aithníonn an Coimisiún a thábhachtaí atá an t-iomaíochas, an nuálaíocht agus an infheistíocht i seirbhísí digiteacha, go háirithe maidir le micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta. Chun na críche sin, tá an Coimisiún tiomanta micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta a éascú agus an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha á chomhlíonadh acu, go háirithe trí chláir ábhartha a shlógadh i bhfabhar na nuálaíochta, úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha agus an chaighdeánaithe.'

## RÁITEAS ÓN DANMHAIRG

'Tacaíonn an Danmhairg leis an téacs críochnaitheach d'fhonn bailchríoch a chur ar an nGníomh um Sheirbhísí Digiteacha chun na rialacha cothrománacha lena sainítear freagrachtaí agus oibleagáidí soláthraithe seirbhísí digiteacha a thabhairt cothrom le dáta. Creidimid go bhfuil an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha críochnaitheach ríthábhachtach le go mbeidh an timpeallacht ar líne níos sábháilte, níos intuartha agus níos iontaofa agus thairis sin is díol sásaimh dúinn na príomhleasuithe a rinneadh le linn an chruinnithe thríthaobhaigh amhail mionaoisigh a chosaint agus patrúin dhorcha a chosc.

Mar sin féin, is oth linn go mór nach leagtar síos sa Rialachán tuilleadh freagrachtaí do sholáthraithe margaí ar líne maidir le sábháilteacht táirgí. Dar linne nach bhfuil na freagrachtaí a leagtar amach sa Rialachán ag teacht leis an ról lárnach atá ag margaí ar líne maidir le dáileadh táirgí. Mar shampla, is fadhb é nach féidir an fhreagracht a chur ar aon duine san Aontas i gcásanna ina bhfágann margaí ar líne gur féidir le trádálaithe a dtáirgí agus a seirbhísí a dhíol go díreach ó thríú tíortha le tomhaltóirí na hEorpa. Chonaiceamar roinnt cásanna inar thit táirgí contúirteacha neamhdhleathacha i seilbh thomhaltóirí na hEorpa. Cé go gceanglaítear ar mhargaí ar líne measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis a chuireann trádálaithe ar fáil agus seiceálacha randamacha a dhéanamh maidir le táirgí neamhdhleathacha, ar an iomlán, is cur chuige frithghníomhach atá sa téacs críochnaitheach, cur chuige atá díobhálach ní hamháin do chosaint tomhaltóirí, ach d'iomaíochas gnólachtaí Eorpacha freisin. I ndáil leis an méid sin, bhí súil againn go mbeadh Rialachán níos uaillmhianaí ann, mar shampla trína áirithiú go mbeadh páirtí san Aontas cuntasach i gcónaí as táirgí a thagann isteach i margadh na hEorpa.

Ós rud é go measaimid fós go bhfuil gá le cur chuige níos uaillmhianaí maidir leis an ábhar sin chun cosaint leordhóthanach a áirithiú do thomhaltóirí, leanfaimid den sprioc thábhachtach sin a shaothrú faoi chuimsiú reachtaíocht ábhartha eile lena n-áirítear an chaibidlíocht thríthaobhach i ndáil leis an Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':** | **An Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

‘Tacaíonn an Ostair leis an gcuspóir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach.

Athdhearbhaíonn an Ostair nach mór an dlí príomha, deighilt Chonradhbhunaithe na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit, chomh maith le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta, a urramú go hiomlán. Caithfear samhlacha éagsúla den mhargadh saothair, neamhspleáchas iomlán na gcomhpháirtithe sóisialta agus na córais chómhargála sheanbhunaithe a chaomhnú.

Cuireann an Ostair i bhfios go láidir, de réir Airteagal 153(5) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, go háirithe maidir le cineál agus teorainneacha inniúlacht an Aontais ina leith sin, nach féidir leis an Aontas idirghabháil dhíreach a dhéanamh i dtaobh leibhéal an phá, ionas nach ndéanfar difear d’inniúlacht na mBallstát ná do neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta sa réimse sin. Dá bhrí sin, níl bunús dlí ann ach le haghaidh treoir lena gcruthaítear creat nós imeachta, nach féidir a chur d’oibleagáid ar na Ballstáit rochtain ar chosaint pá íosta a thabhairt do gach oibrí.

I bhfianaise na hanailíse atá sa tuairim ó Sheirbhís Dlí na Comhairle, leagann an Ostair béim ar an tsamhail lena gcinneann sí pá, samhail atá bunaithe ar chomhaontaithe cómhargála amháin. Tá an Ostair den tuairim nach bhfuil sé i gceist leis an treoir atá á beartú athrú a dhéanamh ar chóras na hOstaire lena socraítear pá nó an bonn a bhaint den chóras sin, agus nach ndéanfar difear do Bhallstáit a bhfuil córais cómhargála a fheidhmíonn go maith acu.

Ar na cúiseanna sin, is ar an mbealach seo a leanas a dhéanann an Ostair an téacs a léirmhíniú:

- Ní thabharfar cearta aonair d’oibrithe leis an treoir atá á beartú;
- Na hoibleagáidí maidir le leordhóthanacht a eascraíonn as an treoir, beidh siad teoranta don phá íosta reachtúil;
- De réir na treorach, measfar gur leordhóthanach i gcónaí pá arna chaibidil ag na comhpháirtithe sóisialta;
- Ceadófar do na Ballstáit pá íosta reachtúil a thabhairt isteach leis an treoir, ach ní chuirfear d’oibleagáid orthu é sin a dhéanamh;
- I réimsí nár tháinig na comhpháirtithe sóisialta ar chomhaontú maidir le comhaontú cómhargála, ceadófar do na Ballstáit comhaontuithe comhchoiteanna a thabhairt isteach leis an treoir, ach ní chuirfear d’oibleagáid orthu é sin a dhéanamh.’

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Measann Poblacht na Bulgáire go bhfuil an-tábhacht ag baint le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint. Tá an tír tiomanta dá gealltanais maidir le cearta an duine agus leanfaidh sé de bheith tiomanta dóibh.

In 2018, ghlac Cúirt Bhunreachtúil na Bulgáire cinneadh ina luaitear go gcuireann Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac ('Coinbhinsiún Iostanbúl') coincheapa dlíthiúla chun cinn a bhaineann le coincheap inscne nach bhfuil ag luí le bunphrionsabail Bhunreacht na Bulgáire. Ina theannta sin, in 2021 shoiléirigh an Chúirt Bhunreachtúil nach bhféadfaí, i gcomhthéacs an dlíchórais náisiúnta, coincheap an ghnéis a úsáidtear sa Bhunreachta a thuiscint, ach amháin ina chiall bhitheolaíoch (fir agus mná).

Agus tábhacht na ceiste á haithint aici, níl Poblacht na Bulgáire i gcoinne an dréacht-Treoir maidir le pá íosta a ghlacadh; i gcomhréir leis na cinntí thuasluaite ón gCúirt Bhunreachtúil, áfach, luaitear ann, a mhéid a bhaineann leis an tagairt do 'sonraí imdhealaithe de réir inscne' in Airteagal 10(2) den Treoir, is iad sonraí imdhealaithe de réir gnéis amháin a bhaileoidh agus a chuirfidh Phoblacht na Bulgáire ar fáil (fireann/baineann).'

**RÁITEAS ÓN DANMHAIRG**

'Tá na comhpháirtithe sóisialta freagrach as an bpá a shocrú sa Danmhairg agus tá sé bunriachtanach go gcaomhnófaí neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta i ndáil leis an méid sin. Ós amhlaidh atá, ar bhonn prionsabail, tá an Danmhairg i gcoinne aon rialachán ceangailteach a thabhairt isteach ar leibhéal an Aontais maidir le pá íosta. Dá bhrí sin, chuir an Danmhairg i gcoinne na Treorach maidir le pá íosta san Aontas Eorpach i gcónaí.

Is mór againn na hiarrachtaí atá déanta ag na hUachtaránachtaí chun freastal ar na hábhair imní sna caibidlíochtaí faoin Treoir sa Chomhairle. Mar sin féin, ar bhonn prionsabail, ní féidir leis an Danmhairg tacú leis an Treoir maidir le pá íosta leordhóthanach san Aontas Eorpach. Comhaontaíonn an Danmhairg go hiomlán gur cheart do gach oibrí san Aontas Eorpach a bheith in ann saol cuibhiúil a bheith acu ar a bpá agus iad ag obair go lánaimseartha. Ní mór an cuspóir sin a bhaint amach agus socrú pá a urramú mar inniúlacht náisiúnta agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta á n-urramú freisin.'

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Tá Rialtas na hUngáire meáite ar fheidhmiú iomchuí éifeachtúil an chórais náisiúnta lena socraítear an pá íosta a áirithiú. Ó 2010 i leith, tháinig méadú níos mó ná dhá oiread ar phá íosta na hUngáire agus socraíodh é tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta. Is léir ón méid sin, i measc nithe eile, tiomantas daingean an rialtais na caighdeáin mhaireachtála a ardú do chách. Mar thoradh ar chomhaontú arna shíniú ag an Rialtas agus ag na comhpháirtithe sóisialta, tháinig méadú breise 20 % ar phá íosta náisiúnta na hUngáire ón 1 Eanáir 2022, arb é an ráta forbartha ab airde san Aontas é.

Meabhraítear don Ungáir gur léir go dtiteann rialáil an phá, lena n-áirítear an pá íosta a chinneadh, faoi réir inniúlacht eisiach na mBallstát mar a chumhdaítear in Airteagal 153(5) CFAE agus gur uirlis riachtanach í a mhéid a bhaineann leis an mbeartas eacnamaíoch náisiúnta.

Thairis sin, i gcomhréir le dlí bunúsach na hUngáire, leis an dlí príomha, le prionsabail agus luachanna an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis na gealltanais agus na prionsabail a eascraíonn as an dlí idirnáisiúnta, aithníonn an Ungáir an comhionannas idir fir agus mná agus cuireann sí an comhionannas sin chun cinn. Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir leis an méid sin agus lena reachtaíocht náisiúnta, is mar thagairt do 'gnéas' a dhéanann an Ungáir an téarma 'inscne' a léirmhíniú agus, dá réir sin, sonraí imdhealaithe de réir gnéis (mná agus fir) an léirmhíniú atá aici ar an tagairt do 'sonraí imdhealaithe de réir inscne' in Airteagal 10(2) de théacs na treorach.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Is mar luach bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú córas náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le conarthaí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, is mar chomhionannas idir mná agus fir a dhéanfaidh an Pholainn an nath an 'comhionannas inscne' a léirmhíniú, agus éagothromaíochtaí ó thaobh pá idir mná is fir an léirmhíniú a bheidh aici ar an nath an 'bearna phá idir na hinscní', i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagail 8 agus Airteagal 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I bhfianaise an mhéid thuas, aon nathanna eile ina bhfuil an téarma 'inscne', is mar 'gnéas' a dhéanfaidh an Pholainn an téarma sin a léirmhíniú i gcomhréir le hAirteagail 10, Airteagal 19(1) agus Airteagal 157(2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta atá infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Chuir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i dtábhacht roinnt uaireanta an gá atá le tuilleadh feabhais a chur ar phróiseas cur chun feidhme na mbeart caomhnaithe a ghlac Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistíochta Iascaigh (ERBInna), go sonrach é sin a dhéanamh go tráthúil.

Is oth leis an gCoimisiún nár choinnigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ina iomláine a iarracht chun an próiseas cur chun feidhme a chuíchóiriú. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair i gcomhar le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle maidir le tuilleadh feabhsuithe a chur ar an bpróiseas cur chun feidhme.'